*Uimhir* 3 *de* 2025

# Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (Leasú), 2025

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 3 *de* 2025

# ACHT AN OMBUDSMAN SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS AGUS PINSEAN (LEASÚ), 2025

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 14 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 44 den Phríomh-Acht
13. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht
14. Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht
15. Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht
16. Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht
17. Leasú ar alt 58 den Phríomh-Acht
18. Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht
19. Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht
20. Gearrtheideal agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Bhainc Ceannais, 1997 (Uimh. 8)

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2015 (Uimh. 21)

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2018 (Uimh. 36)

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 (Uimh. 7)

Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 (Uimh. 22)

An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (Uimh. 34)

*Uimhir* 3 *de* 2025

**ACHT AN OMBUDSMAN SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS AGUS PINSEAN (LEASÚ), 2025**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017; do dhéanamh socrú maidir le caiteachais arna dtabhú ag an Ombudsman i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a ríomh; do dhéanamh socrú maidir le daoine breise a cheapadh chun gníomhú mar Ombudsman; do dhéanamh socrú breise maidir le himscrúduithe a sheoladh; do dhéanamh socrú maidir le leasuithe iarmhartacha áirithe eile; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [15 *Aibreán* 2025]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "an Príomh-Acht" Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017.

**Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht**

**2.** Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) sa mhíniú ar "soláthraí seirbhíse airgeadais", trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

"(ga) duine a bhí ag gabháil, roimh thosach feidhme an Achta um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2015, d'aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) go (iii) de mhír (a) den mhíniú ar 'seirbhísiú creidmheasa' in alt 28(1) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997 agus nach dtagann thairis sin faoi réim mhír (gb);

(gb) duine a bhí ag gabháil, roimh thosach feidhme an Achta um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil), 2018, d'aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (i) go (iii) de mhír (a) den mhíniú ar 'seirbhísiú creidmheasa' in alt 28(1) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997 agus nach dtagann thairis sin faoi réim mhír (ga);",

agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"tá le 'Athbhreithnitheoir Creidmheasa' an bhrí a thugtar dó leis na Treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 210(1) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (I.R. Uimh. 127 de 2010);",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) Chun críocha fheidhm an Achta seo maidir le gearán, forléireofar tagairt san Acht seo do sholáthraí seirbhíse airgeadais nó do sholáthraí pinsean, de réir mar a bheidh, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt a fholaíonn duine a bhí ina sholáthraí seirbhíse airgeadais nó ina soláthraí seirbhíse airgeadais nó ina sholáthraí pinsean nó ina soláthraí pinsean, de réir mar a bheidh, tráth an iompair a mbeidh gearán déanta ina leith.".

**Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht**

**3.** Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Bunófar ríomh na gcaiteachas a bheidh le gearradh ar an tobhach, faoi fho-alt (2)(a), agus ar an Oireachtas, faoi fho-alt (2)(b), ar an roinnt faoin gcéad de na gearáin a bheidh faighte ag an Ombudsman sna 3 bliana airgeadais díreach roimhe sin idir—

(a) gearáin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse airgeadais, agus

(b) gearáin a bhaineann le soláthraithe pinsean.".

**Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí "duine amháin nó níos mó ná duine amháin" a chur in ionad "duine",

(b) i bhfo-alt (5), trí "aon Leas-Ombudsman" a chur in ionad "an Leas-Ombudsman",

(c) i bhfo-alt (6), trí "mar an tOmbudsman nó mar Leas-Ombudsman" a chur in ionad "mar an tOmbudsman nó an Leas-Ombudsman",

(d) i bhfo-alt (7), trí "aon Leas-Ombudsman" a chur in ionad "an Leas-Ombudsman", agus

(e) i bhfo-alt (8), trí "Maidir leis an Ombudsman agus maidir le haon Leas-Ombudsman, ní shealbhóidh sé nó sí" a chur in ionad "Ní shealbhóidh an tOmbudsman agus an Leas-Ombudsman",

**Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht**

**5.** Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “maidir leis an Ombudsman nó maidir le Leas-Ombudsman” a chur in ionad “maidir leis an Ombudsman nó an Leas-Ombudsman”.

**Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht**

**6.** Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Ceapfaidh an tAire duine a shonraítear i bhfo-alt (1A)” a chur in ionad “I gcás go mbeidh 2 Leas-Ombudsman nó níos mó ann, ceapfaidh an tAire duine acu sin”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Is é nó is í an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) i gcás go mbeidh aon Leas-Ombudsman amháin ann, an Leas-Ombudsman sin,

(b) i gcás go mbeidh níos mó ná Leas-Ombudsman amháin ann, Leas-Ombudsman amháin díobh sin, nó

(c) i gcás nach mbeidh aon Leas-Ombudsman ann, comhalta foirne arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 15(1).”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “duine” a chur in ionad “Leas-Ombudsman”, agus

(d) i bhfo-alt (4), trí “duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoin alt seo” a chur in ionad “Leas-Ombudsman”.

**Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht**

**7.** Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “an tOmbudsman nó Leas-Ombudsman a chur as oifig” a chur in ionad “an tOmbudsman nó an Leas-Ombudsman a chur as oifig”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”, agus

(c) i bhfo-alt (3), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”.

**Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht**

**8.** Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”, agus

(c) i bhfo-alt (3), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”.

**Leasú ar alt 14 den Phríomh-Acht**

**9.** Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí “le haon Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”, agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “aon Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman”.

**Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht**

**10.** Leasaítear alt 15 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (11), trí “Leas-Ombudsman” a chur in ionad “an Leas-Ombudsman” sa dá áit a bhfuil sé.

**Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht**

**11.** Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Leas-Ombudsman;”,

agus

(b) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Leas-Ombudsman,”.

**Leasú ar alt 44 den Phríomh-Acht**

**12.** Leasaítear alt 44 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2)(c)(i), trí “faoi dhlínse an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, an Athbhreithnitheora Creidmheasa” a chur in ionad “faoi dhlínse an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre”.

**Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht**

**13.** Leasaítear alt 47 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)(b), trí “dul faoi cheistiú agus faoi chroscheistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc” a chur in ionad “dul faoi cheistiú faoi mhionn”.

**Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht**

**14.** Leasaítear alt 50 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “D’ainneoin fho-alt (3)(b) agus alt 44(2)(a)(i)” a chur in ionad “D’ainneoin ailt 44(2)(a)(i) agus 54(1)”, agus

(b) i bhfo-alt (3)(c), trí “faoi dhlínse an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, an Athbhreithnitheora Creidmheasa nó an Údaráis Pinsean” a chur in ionad “faoi dhlínse an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó an Údaráis Pinsean”.

**Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht**

**15.** Leasaítear alt 55 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais, nó ar aicmí áirithe soláthraithe seirbhíse airgeadais, agus ar sholáthraithe pinsean, nó ar aicmí áirithe soláthraithe pinsean,” a chur in ionad “ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais agus ar sholáthraithe pinsean”, agus

(b) i bhfo-alt (2)(e), trí “ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais, nó ar aicmí áirithe soláthraithe seirbhíse airgeadais, agus ar sholáthraithe pinsean, nó ar aicmí áirithe soláthraithe pinsean,” a chur in ionad “ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais agus ar sholáthraithe pinsean”.

**Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht**

**16.** Leasaítear alt 56 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4), trí “Faoi réir fho-alt (4A), déanfaidh an tOmbudsman” a chur in ionad “Déanfaidh an tOmbudsman”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) I gcás go mbeidh éisteacht ó bhéal ar áireamh in imscrúdú ar ghearán arna dhéanamh faoin gCuid seo, déanfaidh an tOmbudsman, uaidh nó uaithi féin nó ar iarratas ó pháirtí sa ghearán nó thar ceann páirtí sa ghearán, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe sa ghearán agus tar éis breithniú a dhéanamh i dtaobh chineál nó imthosca an ghearáin agus i dtaobh an ar mhaithe leis an gceartas é déanamh amhlaidh, breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfar an éisteacht ó bhéal a sheoladh go poiblí.”.

**Leasú ar alt 58 den Phríomh-Acht**

**17.** Leasaítear alt 58 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Is go príobháideach a sheolfaidh an tOmbudsman idirghabháil faoin alt seo.”.

**Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht**

**18.** Leasaítear alt 59 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) i mír (d), trí “míthreorach,” a chur in ionad “míthreorach, nó”,

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) a mhainneoidh toghairm, chun láithriú os comhair an Ombudsman nó chun dul faoi cheistiú agus croscheistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc ag an Ombudsman, a chomhlíonadh, nó”,

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) a thabharfaidh fianaise faoi mhionn nó faoi dhearbhasc atá bréagach agus is eol dó nó di a bheith bréagach,”.

**Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht**

**19.** Leasaítear alt 62 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “faoi alt 60 nó 61” a chur in ionad “faoi alt 61 nó 62”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Faoi réir fho-alt (2A), maidir leis an Ombudsman—

(a) déanfaidh sé nó sí na nithe seo a leanas a fhoilsiú—

(i) na breitheanna a bheidh tugtha aige nó aici tar éis an lae bunaithe i ndáil le gearáin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse airgeadais, agus

(ii) cás-staidéir i ndáil le gearáin a bhaineann le soláthraithe pinsean,

agus

(b) féadfaidh sé nó sí, má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh in aon chás áirithe, tuarascáil i ndáil le haon imscrúdú faoin gCuid seo agus toradh an imscrúdaithe sin a fhoilsiú, i cibé foirm is dóigh leis nó léi is cuí,

ar mhodh a fhágfaidh—

(I) go gcinnteofar—

(A) nach ndéanfar gearánach a shainaithint trína ainm nó trína hainm, trína sheoladh nó trína seoladh ná ar shlí eile, agus

(B) nach ndéanfar soláthraí seirbhíse airgeadais nó soláthraí pinsean, de réir mar a bheidh, a shainaithint trína ainm nó trína hainm ná trína sheoladh nó trína seoladh,

agus

(II) go gcinnteofar go gcomhlíonfar an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.",

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás go ndearna an tOmbudsman, mar chuid d'imscrúdú ar ghearán, éisteacht ó bhéal a sheoladh go poiblí faoi alt 56(4A), féadfaidh an tOmbudsman an gearánach agus an soláthraí seirbhíse airgeadais nó an soláthraí pinsean lena mbaineann a shainaithint nuair a bheidh breitheanna, cás-staidéir nó tuarascálacha, de réir mar a bheidh, á bhfoilsiú faoi fho-alt (2).",

(d) trí fho-alt (3) a aisghairm, agus

(e) i bhfo-alt (4), trí "foilsiú aon bhreithe, cás-staidéir nó tuarascála, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (2)" a chur in ionad "foilsiú aon tuarascála faoi fho-alt (2) nó (3)".

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**20.** (1) Féadfar Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (Leasú), 2025 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 341233